

Arna fhoilsiú ag Foras um Chláir Speisialta an AE

Oifig Bhéal Feirste:
7ú hUrlár,
Áras Clarence Thoir,
2 Sráid Clarence Thoir,
Béal Feirste,
Tuaisceart Éireann, BT2 7GP.
teil: +44 (0)28 9026 6660
facs: +44 (0)28 9026 6692
rphost: info@seupb.eu

Oifig na hÓmai:
Teach AE, 11 Bóthar Chéibhlinne, An Ómaigh,
Tuaisceart Éireann, BT78 1LB
teil: +44 (0)28 8225 5750
facs: +44 (0)28 8224 8427
rphost: omagh@seupb.eu

Oifig Mhuineacháin:
Áras M:TEK, Bóthar Ard Mhacha,
Muineachán, Éire
teil: +353 (0)47 77003
facs: +353 (0)47 71258
rphost: monaghan@seupb.eu
suíomh gréasáin: www.seupb.eu



Tuarascáil Bhliantúil Fhoras Chláir Speisialta an AE 2009

Foras Chláir Speisialta an AE

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais don tréimhse dar chríoch
31 Nollaig 2009.

Chuig an Aire Airgeadais
De réir ailt 49(1) de Chomhaontú na Breataine – na hÉireann 1999

Márta 2011

PRN A10/1640

Clár

Leathanach an Chláir	Lch. 1
Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh	Lch. 2-3
Ról Foras um Chláir Speisialta an AE	Lch. 5
Forbhreathnú ar na Cláir	Lch. 7-15
- PEACE III	
- INTERREG IVA	
- Trasnáisiúnta agus Idir-réigiúnach	
Ag Comhroinnt Eolais agus Eispéiris	Lch. 17
- Opportunity Europe	
- Seó Bhaile Mhoireil 2009	
- Laethanta Oscailte	
- Lainseálann FCSAE Suíomh Gréasáin Nua	
- An Eoraip Thiar Thuaidh – Comhdháil Bhliantúil	
Clabhsúr PEACE II agus INTERREG IIIA	Lch. 19-20
- Clár PEACE II 2000-2006	
- Clár INTERREG IIIA 2000-2006	
Cuntais Bhliantúla	Lch. 21-58
Na hAguisíní	Lch. 59-64



Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh

Bliain ar leith i saol Fhoras um Chláir Speisialta an AE (FCSAE) ba ea 2009 nuair a fuair líon mór tionscadal cúnamh deontas faoi Chlár um Shíocháin agus Athmhuintearas an Aontais Eorpaigh 2007-2013 (PEACE III) agus an Clár Trasteorann um Chomhoibriú Criche 2007-2013 (INTERREG IVA).

I rith na bliana chuir an dá chlár leibhéal suntasach tacaíochta ar fáil do thionscadail nua agus nuálacha a bhfuil fíorthionchar agus tionchar inbhráite á dhéanamh acu laistigh de na ceantair incháilithe i dTuaisceart Éireann, ar Réigiún Teorann na hÉireann agus in Iarthar na hAlban.



Leanann an Clár PEACE III agus dul chun cinn á atreisiú aige i dtreo sochail síochánta agus cobhsaí, trí leibhéal níos fearr den chomhtháthú athmhuintearais agus pobail a chur chun cinn. Agus leithdháileadh iomlán de €333 milliún ann, tá raon leathan tionscadal agus oibríochtaí á maoiniú aige atá ag cuidiú le príomhchuspóirí an chláir a chomhlíonadh agus oidhreacht bhuan a chruthú don réigiún.

Thug Clár €256 milliún INTERREG IVA tacaíocht do líon tionscadal atá ceannródaíoch go fírinneach atá ag tabhairt faoi mhíbhuntáistí geilleagracha agus sóisialta. Agus na tionscadail seo ar bun i dteannta a chéile, tabharfar faoin fhiontar, turasóireacht, an fháil ar sheirbhísí, comhoibriú agus infreastructúr a chur chun cinn ar bhonn trasteorann agus cuirfear tairbhí fadtréimhseacha ar fáil do na trí cheantar incháilithe uile.

Bhí an-éifeacht ag an gcur chuige straitéiseach nua a chuir an dá chlár i bhfeidhm trí Chomhrúnaíocht Theicniúil an FCSAE lena chinntiú go bhfuil an tionchar is mó ag na tionscadail atá ceadaithe ar chomhlíonadh chuspóirí an chláir. Agus soláthar an mhaoinithe atá ar fáil á athchóiriú chun éifeachta cinntítear go bhfuil an tacaíocht leithdháilte chomh héifeachtúil agus is féidir.

Chuidigh an t-ionchur a rinne baill na gCoistí Monatóireachta agus Stiúrtha leis na caighdeáin is airde oscailteachta agus trédhearcachta a choimeád agus na clár á gcur i bhfeidhm.

Tá an Foras freagrach don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT), agus ní mór dó tuairisciú a dhéanamh go rialta ar dhul chun cinn na bhfeidhmeanna atá ceaptha don eagraíocht de réir na reachtaíochta. Le linn 2009 tionóladh an naoú cruinniú Rannach den CATT, atá mar an mheicníocht tuairiscithe fhoirmiúil don FCSAE, ar 8 Meán Fómhair i dTithe an Rialtais, Baile Átha Cliath. D'fhreastail an tAire Airgeadais agus Pearsanra, Sammy Wilson MP, CTR, an tAire Gerry Kelly, MLA agus bhí an tAire Airgeadais, Brian Lenihan TD, mar Chathaoirleach air.

Le linn na bliana tugadh cuireadh d'ionadaithe ón FCSAE teacht i láthair Choiste Oifig an Chéad Aire agus an LeasChéad-Aire (OCALCA) chomh maith le Coiste um Chuntais Phoiblí Thionól Thuaisceart Éireann (CCP) d'fhonn cuntas mionsonraithe a thabhairt de ghnéithe ar leith d'obair na heagraíochta.

Déanann an FCSAE iarracht i gcónaí leis na leibhéal arda éifeachtúlachta geilleagraí agus luach ar airgead a bhaint amach agus na seirbhísí agus oibríochtaí á chur ar fáil aige. Cuireadh le tábhacht an tiomantais seo in 2009 de bharr géarchoir chun donais sa timpeallacht eacnamaíoch.

De bhreis ar an ghnáthbhreithniú ar an éifeachtúlacht a dtugtar faoi mar chuid den phróiseas pleanála gnó, thug an FCSAE, in gcomhpháirtíocht leis an Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus leis an Roinn Airgeadais, faoi ghrinn-anailis a dhéanamh ar an chaiteachas cláir agus neamhchláir uile. Leis seo bhí an Foras in ann uasmhéadú a dhéanamh ar an méid cúnamh a chuirtear ar fáil do thionscadail agus ag an am céanna an caiteachas ar fhorchostais agus ar an riarachán a ioslághdú.

Mar aon leis an gClár PEACE III agus an Clár INTERREG IVA a chur ar fáil cuireann an FCSAE rannpháirtíocht Thuaidh/Theas níos fearr chun cinn go réamhghníomhach sna Cláir trasnáisiúnta INTERREG IVB agus idir-réigiúnach INTERREG IVC. Le linn 2009 bhíodas in ann cur le líon na tionscadal chun teacht ar na cláir seo agus an tairbhe is fearr a bhaint as na deiseanna lionraithe a chuireann siad ar fáil.

Agus sinn ag dul i dtreo an phointe leathbhealaigh de thréimhse na gclár reatha tá an tionchar dearfach a bhfuil ag na tionscadail ar ghnáthshaolta na ndaoine, na bpobal agus na ngnólaigh ag éirí níos soiléire. Ní éireodh leis na cláir, áfach gan tacaíocht leanúnach raon leathan na gcomhpháirtithe agus na n-eagraíochtaí atá ag obair le chéile chun an sprioc chéanna a bhaint amach.

Is mian liom buíochas a ghabháil leo siúd ar fad a bhfuil baint acu le PEACE III agus INTERREG IVA dá dtiomantas leanúnach. Ba mhaith liom iarrachtaí agus obair dhian mo chomhghleacaithe san FCSAE a mholadh freisin agus sinn ag súil le 2010.

Pat Colgan
Príomhfheidhmeannach,
Foras um Chláir Speisialta an AE



Ról Foras um Chláir Speisialta an AE

Ár Ról

Is Comhlacht Thuaidh/Theas é Foras um Chláir Speisialta an AE (FCSAE) a bunaíodh faoin Chomhaontú idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríochta Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (an Comhaontú) agus a tháinig in éifeacht ar 2 Nollaig 1999. Mar choinníoll den Chomhaontú cuirfidh an FCSAE na beartais atá ordaithe ag an gComhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) i bhfeidhm mar atá sonraithe ag an Ordú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfeidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus ag an Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999, mar a leasaíodh.

Mar ghníomhaire den dá rialtas, tá an FCSAE ag feidhmiú mar an tÚdarás Bainistíochta do Chláir PEACE II agus INTERREG IIIA 2000-2006 agus mar an tÚdarás Iocaíochta freisin maidir le INTERREG IIIA. Bhí comhluch €1,176 milliún ag na cláir. Mhainigh PEACE II 7,103 tionscadal, agus mainigh INTERREG IIIA 435 tionscadal.

Ó thús 2007, tá an FCSAE ag feidhmiú mar an tÚdarás Bainistíochta, an tÚdarás Deimhníochta agus ag soláthar na Comhrúnaíochta Teicniúla do na Cláir PEACE III agus INTERREG IVA. Tá comhluch €589 milliún ag an dá chlár. Ina cháil mar an tÚdarás Bainistíochta, tá an FCSAE mar Chathaoirligh ar an dá Choiste Monatóireachta don dá chlár seo.

Tá ról leathan ag an FCSAE chun tacú leis an rannpháirtíocht Thuaidh/Theas sna Cláir Thrasnáisiúnta INTERREG IVB a bhaineann le Tuaisceart Éireann. In éineacht leis seo tá ról comhairleach agus táscaireachta ag an FCSAE don rannpháirtíocht Thuaidh/Theas sa chlár Idir-réigiúnach INTERREG IVC.

Ár misean

"Cláir mhaoinithe a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm go héifeachtach thar ceann an dá rialtas agus an Aontais Eorpaigh a dhíríonn ar fheabhsúithe sóisialta agus géilleagracha a chur ar fáil do mhuintir Thuaisceart na hÉireann agus do mhuintir na hÉireann trí chomhoibriú trasteorann, trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach."

Ár bhFísráiteas

"Oibreoidh an FCSAE mar ghníomhaire iontaoifa an dá rialtas agus Choimisiún na hEorpa i mbainistiú agus soláthar na gclár a chuireann le leas géilleagrach agus sóisialta an réigiúin. Cuirfear leis an obair trí luachanna na hoscailteachta, trédhearcachta agus inrochtaineachta."





Forbhreathnú ar na Cláir

Tá céannacht ar leith ag an dá chlár agus dearadh iad go háirithe chun tabhairt faoi ghnéithe éagsúla de na dúshláin shóisialta agus gheilleagracha atá i ndán don réigiún.

Tógann an Clár PEACE III ar oidhreacht na gClár PEACE I agus PEACE II a chlúdaigh an tréimhse 1995-2006. Tá buiséad €333m agus leanann sé ag atreisiú an dul chun cinn i dtreo sochaí síochánta agus cobhsaí chomh maith leis an athmhuintearas a chur chun cinn ar fud Thuaisceart Éireann agus Réigiún Teorann na hÉireann.

Tógann an Clár INTERREG IVA ar rath agus ceachtanna na gClár INTERREG roimhe seo. Tá buiséad iomlán de €256m a chlúdaíonn Tuaisceart Éireann, Réigiún Teorann na hÉireann agus Iarthar na hAlban. Is é aidhm an Chláir ná chun tacú le comhoibriú trasteorann straitéiseach le haghaidh réigiúin atá níos rathúla agus inbhuanaithe.


Príomhfhócas na gníomhaíochta don FCSAE le linn 2009 ba ea tionscadail rathúla a cheadú agus Litreacha Tairisceana comhaontaithe a eisiúint. Rinneadh líon mór éileamh do thionscadail a dheimhniú agus a fhorú freisin agus ceadaíodh éilimh bhreise a dhéanamh ar Choimisiún na hEorpa dá bharr.

I rith 2009 thug an Foras faoi líon mór gníomhartha le soláthar éifeachtach agus trédhearcach na gclár a chinntiú. Rinneadh sraith Coistí Monatóireachta a chomhordú le linn na bliana lena n-áirítear dhá cheann don Chlár PEACE III, a bhí ar siúl sa Ionad Gnó Signal i mBeannchar, Co. an Dúin ar 22 Aibreán agus ar Ionad Comhdhála Stephenson Pond i nDún Dealgan ar 21 Deireadh Fómhair.

Chomh maith leis sin rinneadh dhá Choiste Monatóireachta a chomhordú don Chlár INTERREG IVA ag Institiúid Teicneolaíochta Shligigh ar 30 Aibreán agus in Ionad Fiontar Ceantair Dhroichead na Banna ar 28 Deireadh Fómhair. Ag gach Coiste Monatóireachta thug na trí ghrúpa oibre a bunaiodh chun

breathnú ar réimsí ar leith d'fhorfheidhmiú an chláir, lena n-áirítear monatóireacht agus measúnú, comhionannas agus timpeallacht, tuairisc chun dáta ar a ngníomhaíochtaí.

Le linn 2009 d'eagraigh Comhrúnaíocht Theicniúil an FCSAE agus Cúibhreannas Phobal agus Comhairle um Chaidreamh Pobail Thuaisceart Éireann 24 cruinniú den Choiste Stiúrtha. Ina measc bhí 12 Choiste Stiúrtha don Chlár PEACE III agus 12 Choiste Stiúrtha don Chlár INTERREG IVA.



PEACE III

Rinne 181 tionscadal nua san iomlán iarratas le maoiniú a fháil faoin Chlár PEACE III in 2009, a d'ardaigh líon iomlán na n-iarratas go dtí 370. Faoi dheireadh na bliana ceadaíodh 113 tionscadal arbh fhíú €182.1 milliún go neasach iad.

Chomh maith leis sin, ceadaíodh an 14 Phlean Gníomhaíochta um Shíocháin agus Athmhuintearas uile, a chlúdaíonn limistéar incháilithe an chláir de Thuaisceart Éireann agus de Réigiún Teorann na hÉireann. Tá na pleananna seo á dtabhairt chun críche agus táthar ag tabhairt tacaíochta do 560 tionscadal a bheag nó a mhór.

Le linn mhí Eanáir agus mhí Feabhra 2009 bhí an FCSAE, i gcomhpháirtíocht leis na comhairlí uile i dTuaisceart Éireann agus i Réigiún Teorann na hÉireann, ina óstach do sheó bóthair a dearadh go sonrach chun an Clár PEACE III a chur i láthair an phobail i gcoitinne agus na n-iarratasóirí féideartha. Agus é ar bun i mbailte ar fud an limistéir incháilithe, cuireadh an seó bóthair le chéile chun feasacht maidir leis an gclár a mhúscailt agus chun cuidiú leis na Pleananna Gníomhaíochta Áitiúla um Shíocháin agus Athmhuintearas a chur chun cinn.

Ag tosú i mBaile Nua na hArda ar 14 Eanáir thug an seó bóthair cuairt ar 16 bhaile agus chathair éagsúla lena n-áirítear: Craigavon, Inis Ceithleann, Muineachán, Béal Feirste, Béal Tairbirt, Sligeach, Droim Seanbhó, Leitir Ceanainn, An Srath Bán, Cúil Raithin, Latharna, An Chor Chríochach, Baile na Mainistreach agus Lios na gCearrbhach sular tháinig sé chun críche i nDún Dealgan ar 18 Feabhra.

Tar éis gach imeachta cuireadh aiseolas mionsonraithe i gcrích, agus iarradh ar gach rannpháirtí ceistiúchán gearr a chomhlánú. Bhí 74% díobh siúd a d'fhreastail orthu a d'aontaigh nó a d'aontaigh go láidir go raibh tuiscint níos fearr acu ar an gClár PEACE III agus bhí an céatadán céanna a d'aontaigh nó a d'aontaigh go láidir go raibh a fhios acu anois conas teacht ar an gclár.

Bronnadh os cionn €7.8 milliún de chúnamh an AE, faoin Chlár PEACE III, ar Chomhairle Contae Mhuineachán chun lárionad ilspóirt i gCluain Eois. Agus é leithrinnte faoi théama an chláir 'Spásanna Poiblí Comhroinnte a gCruthú', cruthóidh an tionscnamh seo príomhshaoráid spóirt i Lios Éigearáin, Cluain Eois.

Cuirfidh an lárionad spóirt, atá le bheith críochnaithe in 2012, spás neodrach ar fáil ina mbeidh daoine ó chúirí agus pobail éagsúla in ann teacht le chéile tríd an spéis chomhroinnte atá acu i gcúrsaí spóirt. Chuir grúpaí pobail áitiúla tús leis an tionscadal ar bhonn trasteorann. Táthar ag súil go nginfear os cionn €2 milliún in aghaidh na bliana don gheilleagar áitiúil le linn a thréimhse tógála.



Tháinig daoine óga ó na pobail scoilte le chéile ag YMCA an Chnoic Ghlais sa Chaisleán Nua, mar chuid den tionscadal Trasnasc.



Ar cuairt ar tionscadal Groundwork Thuaisceart Éireann i mBéal Feirste Thuaidh (Ó chlóg deas) tá an tAire Sammy Wilson, Pat Colgan Príomhfheidhmeannach an FCSAE, Agnes Junk agus Jackie Trainor, Ionadaithe áitiúla ó Tiger Bay agus Newington Parkside.

Tá an Clár PEACE III ag tacú le 'Trasnasc Chultúir', tionscadal trasphobail a d'fhorbair Tionscnaimh Thuaisceart Éireann don Oíge chun cuidiú leis an gclaontacht agus chun an deighilt idir daoine óga ó chúirí cultúrtha éagsúla a réiteach agus iad a thabhairt le chéile.

Tá an tionscadal, atá á bhainistiú don FCSAE ag Cuibhreannas Phobal agus ag Comhairle um Chaidreamh Pobail Thuaisceart Éireann, maoinithe faoi théama an chláir 'Ag aithint agus ag déileáil leis an am a chuaigh thart'.

Tri dhaoine óga a thabhairt le chéile i dtimpeallacht shábháilte agus shlán chun iniúchadh a dhéanamh ar na saincheisteanna maidir le cine, creideamh agus féiniúlacht chultúrtha, leis an tionscadal tá na rannpháirtithe in ann a bheith mar ghníomhairí chun athrú a dhéanamh ina bpobal féin. Le tacaíocht an PEACE III táthar in ann leanúint leis an tionscadal agus leathnú amach a dhéanamh chun tuilleadh a aimsiú trí chláir scoileanna áitiúla.

Tá beagnach €1 milliún de chúnamh airgid á chur ar fáil faoin téama 'Caidreamh dearfach á neartú ag an leibhéal áitiúil' de PEACE III do thionscnamh a d'fhorbair Groundwork Thuaisceart Éireann dar teideal 'Athmhuintearas a dhéanamh idir Pobail trí Athghiniúint'. Leis an tionscadal seo tugtar an tacaíocht atá de dhíth do na gníomhaireachtaí áitiúla pobail agus reachtúla chun na meonta seicteacha sa limistéir idirphlé a laghdú agus chun gearradh siar ar líon na mballaí síochána, mürmhaisithe, bratacha agus na clocha colbha atá péinteáilte.

Príomhchuspóir an tionscadail ná chun tabhairt faoin spás atá faoi chonspóid i dTuaisceart Éireann agus i Réigiún Teorann na hÉireann trí na comharthaí físiúla den deighilt a bhaint. Déantar é seo ar bhonn trasphobail agus tá an lucht cónaithe áitiúil ag obair le chéile chun a phobal féin a athnuachan.





I lámha Glenn Jordan tá na pleananna maidir leis an limistéar a bhfuil i gceist athfhorbairt a dhéanamh air do shráidbhaile Skainos i mBeal Feirste Thiar.

Fuair an Tionscadal Skainos, a chruthóidh 'sráidbhaile uirbeach' nua atá spreagúil agus saor ó shuaitheantais sheiciteacha, níos mó ná £6 milliún tacaíochta ón AE faoin PEACE III. Agus é curtha i gcrích déanfar limistéar lár chathair Bhéal Feirste Thiar a ndearnadh failli ann a athghiniúint, in éineacht le Bóthar Bhaile Nua na hArd, a d'fhulaing de bharr leibhéal ísle infheistíochta. I measc chomhpháirtithe an tionscadail tá Cumann Tithíochta Oaklee chomh maith leis an Roinn Forbartha Sóisialta agus an Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn.

Tógfar an 'sráidbhaile' nua, a dhearfá mar spás comhroinnte, timpeall sráide a chruthófar go speisialta, chomh maith le cearnóg phoiblí agus tithíe príobháideacha agus sóisialta. Faigheann an tionscadal tacaíocht faoin téama 'Spásanna Comhroinnte a gCruthú' den Chlár PEACE III agus feidhmeoidh sé mar thearmann slán áit inar féidir le daoine ó na pobail mhionlaigh thraidisiúnta agus na pobail mhionlaigh eitneacha nua idirghníomhú a dhéanamh, maireachtáil agus obair a dhéanamh le chéile.



Imprisean ealaíontóra den Droichead Sióchána nua.

Tá ag éirí go maith leis an dul chun cinn atá á dhéanamh ar an Droichead Sióchána trasna an Fheabhail, a fuair £13,343,476 faoin Chlár PEACE III. Faigheann an tionscadal tacaíocht faoin téama 'Spásanna Poiblí Comhroinnte a gCruthú' den chlár agus feidhmeoidh sé mar shiombail fhísiciúil don athrú, ag spreagadh leibhéal níos fearr den rannpháirtíocht trasphobail, sióchána agus athmhuintearais. Agus é curtha i gcrích rachaidh an droichead ó chúl Chearnóg an Ghildhalla ar aghaidh go dtí an Iar-láthair Paráide i nDún Ebrington. Sa bhliain nua tá sé beartaithe go mbeidh ócáid ann nuair a ghearrfá fód, a bheidh mar chomhartha de thús na tógála físiúla.



INTERREG IVA



Labhraíonn Pat Colgan ag an imeacht 'Oiriúint Straitéiseach'.

Le linn 2009 ceadaíodh 26 tionscadal INTERREG IVA, arbh fhiú €101.7 milliún go neasach.

Ag tús 2009 bhí líon príomhchinniteoirí don Chlár €256 INTERREG IVA a ghlac páirt i gcomhdháil chun plé a dhéanamh maidir leis na modhanna is fearr atá ann chun a chinntiú go bhfuil sé in oiriúint go straitéiseach do thosaíochtaí Thuaisceart Éireann, na hÉireann agus Iarthar na hAlban. Agus aitheantas tugtha d'Albain ag teacht isteach sa chlár, aidhm na hócáide ba ea tuairisc chuimsitheach agus inrochtana chun dáta a thabhairt maidir leis na beartais agus tosaíochtaí náisiúnta do dhaoine agus d'eagraíochtaí a raibh baint acu leis an bpróiseas maoinithe.

Chuir ionadaithe ón trí rialtas rannpháirteacha uile a gcuid tuairimí ar fáil maidir leis an mbealach is fearr le hiarmhairt INTERREG IVA a uasmhéadú ó thaobh fiontar, turasóireachta, comhoibríthe mhéadaithe agus infreastructúir de.

Chomh maith leis sin, go luath i mí an Mhárta 2009 d'eagraigh an FCSAE imeacht eolais agus ceardlann in Áras Ceoldrámaíochta Bhéal Feirste. Aidhm an imeachta ba ea príomhchomhpháirtí a cheapadh, in éineacht le líon comhpháirtithe tionscadail chun an téama Tionscal C ruthaitheacha de Thosaíocht 1.1 den Chlár INTERREG IVA a fhorbairt, a bhainistiú agus a sholáthar.

Bhí níos mó ná 40 toscaire ó Thuaisceart Éireann, ó Phoblacht na hÉireann agus ó Iarthar na hAlban, a bhí ionadaíoch d'earnálacha an oideachais, na n-ealaíon cruthaitheach agus na meán digíteach, a d'fhreastail ar an imeacht. Chuir an chuid ceardlainne den seimineár deis ar fáil do na tairgeoirí féideartha chun casadh le chéile agus líonrú a dhéanamh d'fhonn comhpháirtíochtaí a chur le chéile.

Spreagadh na rannpháirtithe freisin chun glacadh le cur chuige ceithre shnáithe i dtreo a dtairiscintí, ag diriú ar fhaisnéis a bhailiú, líonraí scála a fhorbairt, feabhsú scileanna agus maoiniú tionscadail chomh maith le forbairt fiontar.





Sa ghrianghraf (ó chlé go deas) tá na comhchathaoirligh den Chomhchoiste Bainistíochta Tradelinks, Príomhfheidhmeannach, Fiontar Thuaisceart Éireann agus Michael Tunney, Príomhfheidhmeannach, Bord Fiontar Contae Dhún na nGall.

Faoin Chlár INTERREG IVA tá maoiniú faighte ag staidéar féidearthachta nua de £1.6 milliún chun scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann le gréasán leitreachais ag nascadh láithreán fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a thógáil in uisce cósta na hÉireann, Thuaisceart Éireann agus Iarthar na hAlban. Cuideoidh an tionscadal dhá bhliana ISLES (Naisc Éireannacha/Albanacha um Staidéar ar Fhuinneamh) le cás gnó a fhorbairt chun eangach den sórt sin a chruthú. Agus scrúdú á dhéanamh ar an teicneolaíocht, infreastruchtúr, an tionchar timpeallachta agus na riachtanais pleanála atá de dhíth chun an eangach a chruthú, is é a bheidh i gceist leis an staidéar freisin ná dlúthchomhoibriú leis an tionscal fuinnimh agus leis na príomhpháirtithe leasmhara a bhfuil baint acu le tionscnaimh fuinnimh in-athnuaite chomhchosúla.

Bhronn an Clár INTERREG IVA níos mó ná £2.98 milliún de luach tacaíochta do chlár trasteorann forbartha gnó nua dar teideal 'Tradelinks 2'. Tá an tionscadal á sholáthar ag Fiontar Thuaisceart Éireann in éineacht le líonra de Ghníomhaireachtaí Fiontar Áitiúla agus le Boird Fiontar Contae Réigiún na Teorann.

Cuirfidh sé tacaíocht ar fáil do 550 micreaghólaíocht a bheag nó a mhór agus tabharfar faoi na bacainní atá ann roimh thrádáil agus forbairt trasteorann. Trí úsáid a bhaint as meantóireacht, taighde agus líonrú gnó, cuideoidh 'Tradelinks 2' le gnólaíochtaí beaga le go mbeidh siad níos inbhuanaithe agus níos iomaíche. Ag tógáil ar an rath den chéad tionscadal Tradelinks leanfaidh an clár ar aghaidh go dtí mí an Mheithimh 2012.



An Dr. Maura O'Neill, Ceannasaí ar 'Cur Chun Cinn na Sláinte', Iontaobhas Sláinte agus Cúram Leasa an Iarthair agus Cathaoirleach Tionscadail an tionscadail Mhuraill CAOLC (Comhoibriú agus Ag Obair Le Chéile).

Tá beagnach €1 milliún tacaíochta á cur ar fáil ag Clár INTERREG IVA an AE le haghaidh tionscnaimh trí bliana chun cabhrú leis na leibhéil de mhurtall i measc leanai atá ag ardú ar fud Thuaisceart Éireann a laghdú. Is é ceann amháin den dá chlár déag sláinte agus cúram leasa é an tionscnamh atá i mbun ag Comhoibriú agus Ag Obair Le Chéile (CAWT), comhpháirtíocht trasteorann sláinte agus cúram leasa. Tá gach clár deartha chun caighdeán an chúraim d'othar agus an fháil ar sheirbhísí sláinte a mhéadú, ar bhonn trasteorann. Bronnadh os cionn €30 milliún ar an iomlán faoin INTERREG IVA mar thacaíocht do na cláir.

Is é atá i gceist leis an tionscnamh 'An Murtall á Chosc agus á Bhainistiú' ná dhá ghné ar leith: tionscnamh 'Stíl Mhaireachtála Shláintiúil' ina mbeidh cur chuige pobalbhunaithe i gceist i dtreo an murtall á chosc agus an tionscnamh 'Difriocht á Déanamh', ina bhfuil cur chuige bunaithe ar an teaghlach i gceist i dtreo an murtall á bhainistiú. Leagann an tionscadal béim ar thábhacht na hidirghabhála luaithe agus ar obair a dhéanamh laistigh den teaghlach chun béim a leagan ar aiste bia shláintiúil agus aclaíocht rialta chun na hathruithe stíle maireachtála bríocha agus buana a bhaint amach.

Le staidéar nua, atá á mhaoiniú ag an gClár INTERREG IVA, d'fhéadfaí feabhas mór a chur ar na naisc iompair do chathairteoirí a théann chuig líon oileán amach ar chósta na hÉireann agus na hAlban agus an lucht cónaithe iontu freisin. Déanfaidh an 'Tionscadal Bád Farantóireachta Beaga' taighde ar na modhanna is fearr chun cabhlach bád farantóireachta beaga a chur ar fáil agus a mhaoiniú, a bheidh ag feidhmiú ocht mbealach ar a laghad ag freastal ar phobail iargúlta ar Oileán Reachlainn i dTuaisceart Éireann, Árainn Mhór agus Toraih in Éirinn agus Na Oileáin Albanacha de Lismore, Gigha, Kilchoan agus Portavadie.

Tá an staidéar á dhéanamh ag Caledonian Maritime Assets Ltd (CMAL) in éineacht leis an Roinn Forbartha Réigiúnai i dTuaisceart Éireann agus leis an Roinn Gnóthai Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta in Éirinn. Breathnóidh an staidéar ar an éileamh fadtréimhseach do bháid fharantóireachta thar an gcéad 25 bliana eile trí fhéachaint ar na comhriachtanais seachas ar na bealaí ar leith.





An tAire Arlene Foster (DETI) agus Bjarni Thorsvardarson Príomhfheidhmeannach, Hibernia Atlantic.

Tá dul chun cinn maith á dhéanamh ar Thionscadal Kelvin, a fuair €30 milliún de luach tacaíochta ó Chláir INTERREG IVA an AE. Tá an chéad chéim a bhí rithabhachtach curtha i gcrích, roimh am, agus tá an cábla cumarsáide trasatlantach ag teacht i dtír i bPort Róis.

Déanfaidh an chéad chéim eile den tionscadal 13 bhaile a nascadh i bhfáinne snáthoptaice trastíre lena n-áirítear Ard Mhacha, An Baile Meánach, Béal Feirste, Cúil Raithin, Doire, An Ómaigh, Port an Dúnáin, An Srath Bán, Leitir Ceanainn, Baile na Lorgan, Dún Dealgan, Droichead Átha agus Muineachán. Agus é curtha i gcrích cuirfidh Tionscadal Kelvin feabhas ar sheirbhísí díreacha cumarsáide idirnáisiúnta do ghnólaichtaí, go háirithe fiontair bheaga agus mheánacha ar fud an réigiúin.



Sa ghrianghraf in éineacht leis an Aire Wilson ag an gComhdháil INTERREG IVB agus IVC (ó chlé do deas) Niclas Forsling (Ceannasaí ar an Rúnaíocht, Clár Forimill an Tuaiscirt), Akos Szabo (Comhairleoir Cumarsáide agus Tionscadail, Rúnaíocht an Chláir INTERREG IVC) agus Jean-Luc Fres (Stiúrthóir Rúnaíocht an Chláir, Limistéar Atlantach).

Bhí an FCSAE ina chomhóstach leis an Roinn Airgeadais agus Pearsanra do cheann amháin de na príomhimeachtaí in 2009. Bhí comhdháil mhór agus aonach tionscadal dar teideal 'An Comhoibriú Eorpach á Chur i bhFeidhm go Fírinneach i dTuaisceart Éireann: Na Cláir INTERREG IVB agus IVC 2007-13' ar siúl i mBéal Feirste agus cuireadh béim ar an dul chun cinn suntasach atá déanta cheana féin sna Cláir INTERREG IVB & IVC agus chun na hiarratasóirí a spreagadh agus chun tacú leo chun tairbhe a bhaint as na deiseanna atá fágtha.

D'fhreastail 180 rannpháirtí ar an ócáid seo inar thug an tAire Airgeadais agus Pearsanra, Sammy Wilson, MP, CTR, aitheasc dóibh, chomh maith le cainteoirí eile, na Pointí Teagmhála Réigiúnacha don Ríocht Aontaithe agus d'Éirinn agus na ceithre Rúnaíocht Chláir ina measc. Chomh maith leis sin bhí na tionscadail fhaofa uile le comhpháirtithe Thuaisceart Éireann rannpháirteach i dtaispeántas, ag cur a gcuid oibre go dtí seo ar taispeántas.

Go dtí seo tá 14 chomhpháirtí tionscadail ó Thuaisceart Éireann a bhfuil baint acu sna cláir trasnáisiúnta agus idir-réigiúnacha agus tá 23 díobh seo ina bhfuil rannpháirtíocht Thuaidh / Theas i gceist.

Trasnáisiúnta agus Idir-réigiúnach

Tá an FCSAE freagrach as an gcomhoibriú Thuaidh/Theas a chur chun cinn i ngach clár trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach a bhaineann leis an réigiún agus as tacaíocht a thabhairt do gach iarratasóir tionscadail féideartha. Gníomhaíonn an FCSAE freisin mar an Chéad Leibhéal Rialaithe do gach comhpháirtí Thuaisceart Éireann atá ag feidhmiú sna cláir seo.

Faoi INTERREG IVB tá trí chláir trasnáisiúnta a bhaineann le Tuaisceart Éireann agus leis na Réigiúin Teorann d'Éirinn: Na cláir seo ná Clár Forimill an Tuaiscirt (CFT), Clár na hEorpa Thiar Thuaidh agus Clár an Limistéir Atlantaigh. Tá an clár comhoibríthe idir-réigiúnach INTERREG IVC ar fáil

d'údarais réigiúnacha ar fud an 27 Stát EU agus san Iorua agus san Eilvéis, agus tá sé dírithe ar an dea-chleachtas a chomhroinnt chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht na mbeartas réigiúnach agus áitiúil.

I rith 2009 bhí an FCSAE ag iarraidh a dhualgais a chomhlíonadh go gníomhach maidir lena fheidhm mar Phointe Teagmhála Réigiúnach do Chláir Forimill an Tuaiscirt agus chuir sé comhairle agus treoir ar fáil d'iarratasóirí tionscadail féideartha maidir leis na cláir trasnáisiúnta agus idir-réigiúnacha uile trí shraith cruinnithe, clinici, ceardlann agus imeachtaí.



Sa ghrianghraf (ó chlé do deas) tá Ann McNickle, Bainisteoir an Tionscadail, Causeway Rural & Urban Network, Lynsey McKittrick, Research Associate, Ulster School of Business, University of Ulster, Coleraine, Nick Lyth, Operational Director of International Resources and Recycling Institute, Terry Waugh, Deputy Director of Action Renewables, and Professor Neil Hewitt, Professor of Energy/Director of the Centre for Sustainable Technologies, University of Ulster, Jordanstown.

An tionscadal IS LÚ a fhaigheann maoiniú den AE díreach faoi bhun €1.5m tríd an CFT, ná Clár Trasnáisiúnta INTERREG IVB. I dTuaisceart Éireann, tá foireann an tionscadail comhdhéanta den fhoireann ag Action Renewables agus taighdeoirí ag Ollscoil Uladh. Aidhm an tionscadail ná chun seirbhís nuálach a bhunú ar fud réigiúin comhpháirtithe uile Chláir Forimill an Tuaiscirt (CFT) chun scála agus na caighdeán na hollúna, na meantóireachta agus na tacaíochta a ardú do phobail tuaithe mar atá riachtanach chun micreafhoinsí fuinnimh in-athnuaite (MFFI) a fhorbairt.





Ag Comhroinnt Eolais agus Eispéiris

Opportunity Europe

Bhí taispeántas ag an FCSAE ag an ócáid dhá lá 'Opportunity Europe' ag Margadh Naomh Seoirse i mí Dheireadh Fómhair. Mheall an ócáid na mílte leanai scoile ón réigiún ar fad, agus ba dheis iontach í chun daoine óga a theagasc maidir leis an tionchar atá ag maoiniú ón AE chun cuidiú le siocháin agus athmhuintearas a chruthú chomh maith le leibhéil níos fearr de chomhoibriú trasteorann. Ghlac foireann an FCSAE seal chun an seastán a bhí deartha go speisialta a bhainistiú agus scrúdaiodh eolas na leanai ar shaincheisteanna Eorpacha éagsúla.

Seó Bhaile Mhoireil 2009

Bhí an FCSAE rannpháirteach i Seó Bhaile Mhoireil 2009 i mBéal Feirste i mí na Bealtaine. Agus iad ag comhoibriú leis an Roinn Airgeadais agus Pearsanra, cruthaíodh seastán taispeántais speisialta chun na tairbhí na gClár PEACE III agus INTERREG IVA a chur ar taispeáint. Bhí foireann den FCSAE ar fáil chun ceisteanna ar bith ón bpobal i gcoitinne a fhreagairt maidir leis an dá chlár.

Laethanta Oscailte

Bunaíodh an Lionra Siochána chun an t-eispéireas ar leith a chur in iúl maidir le maoiniú PEACE an AE a bhainistiú, measúnú a dhéanamh air agus é a chur i bhfeidhm i dTuaisceart Éireann agus i Réigiún Teorann na hÉireann.

Mar an rúnaíocht don Lionra Siochána chomhordaigh an FCSAE seimineár ag na LAETHANTA OSCAILTE 2009 faoin teideal 'Eispéiris na Siochána agus an Athmhuintearais a gComhroinnt i dTuaisceart Éireann'. Le linn an tseimineáir thug Andreas Ashiotis, comhalta den Chomhairle um Atógáil agus Athlonnú sa Chlár, léargas ar an tábhacht atá ann le hobair a dhéanamh le leanai agus le daoine óga chun cuidiú leo a bheith mar ambasadóirí den siocháin agus athmhuintearas laistigh dá bpobal féin.

Lainseálann an FCSAE Suiomh Gréasáin Nua

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar a fheidhmiúlacht rinneadh ollchóiriú ar shuíomh Gréasáin an FCSAE in 2009. Rinneadh líon mór feabhsuithe ionas go mbeadh an suíomh níos idirghníomhaí le hinrochtaineacht agus feidhmiúlacht níos fearr. Bhí an suíomh Gréasáin athdheartha beo ar 17 Lúnasa agus chonacthas cor chun feabhais suntasach ar líon na gcuairteoirí agus rinneadh taifeadadh d'úsáideoirí a bhí chomh fada amach leis an tSeoirsia, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Nigéir.

An Eoraip Thiar Thuaidh – Comhdháil Bhliantúil

Ghlac Pat Colgan, Príomhtheidhmeannach an FCSAE, páirt i gComhdháil bhliantúil INTERREG IVB na hEorpa Thiar Thuaidh (ETT) ar an 8 agus 9 Deireadh Fómhair in Rotterdam. Bhí ionadaithe ó na ballstáit uile, na réigiúin agus cathracha a bhí rannpháirteach san ócáid dhá lá a dhírigh ar an bhforbairt críche a chlúdaíonn na ceithre thosaíocht uile den Chlár agus cuireadh béim ar leith ar an athrú aeráide.



1. Pat Colgan ag Seó Bhaile Mhoireil in éineacht (ó chlé go deas) le hAire Thuaisceart Éireann d'Fhorbairt Talmhaíochta agus Tuaithe Michelle Gildernew agus Coimisinéir na hEorpa d'Fhorbairt Talmhaíochta agus Tuaithe Mariann Fischer Boel.



Clabhsúr PEACE II agus INTERREG IIIA

Mar an tÚdarás Bainistíochta do na Cláir PEACE II agus INTERREG IIIA 2000-2006, tá an FCSAE freagrach as deireadh a chur leis an dá Chlár den AE.

An Clár PEACE II 2000-2006

Faoi dheireadh 2009, dhún foireann clabhsúr an FCSAE 7,061 nó 99.41% den 7,103 tionscadal maoinithe ag an gClár PEACE II, ar an mbunachar sonraí. Rinneadh dul chun cinn suntasach i rith na bliana ó thaobh na tuarascálacha deiridh a dhréachtú agus an ghníomhaíocht rialaithe airgeadais a bhí de dhíth a chur i gcrích. Tá an sprioc á baint amach leis na doiciméid uile a bhaineann le clabhsúr an chlár a chur isteach don spríodhata den 30 Meán Fómhair 2010.

Fuair an dá chás-staidéar tionscadail seo a leanas tacaíocht AE faoin Chlár PEACE II.

1. Rannpháirtí (gléasta mar Elvis Presley) i gceann amháin de shraith na dTionscadal Bytes a bhfuil mar aidhm acu muinín na ndaoine óga atá ar imill na sochái a mhúscailt agus a gcuid scileanna TFC a fheabhsú.
2. Leanaí ag súgradh i bPáirc Sióchána Crosaire nua Ghluaiseacht Kilty-Cashel.



Fuair an tionscadal Trasteorann Bytes níos mó ná €71,000 de thacaíocht faoin PEACE II. Rinneadh é a dhearadh chun an mhúinín i ndaoine óga idir 16 bliana d'aois agus 25 bliana d'aois ó limistéir uirbeacha agus tuailte ar fud Dhoire agus Dhún na nGall trí na deacrachtaí sóisialta agus geilleagracha a bhí i ndán dóibh a réiteach. Ghlac na rannpháirtithe páirt i réimse leathan gníomhaíochtaí chun cur lena scileanna litearthachta, uimhearthachta agus TF. San áireamh sna gníomhaíochtaí seo freisin bhí malartuithe agus turais chun foghlaim faoi chultúir agus cúlraí éagsúla chomh maith le rannpháirtíocht i líon ceachtanna sióchána agus athmhuintearais.

Nuair a dúnadh líon mór bóithre agus droichead rinneadh pobail a leithlisiú ar fud Thuaisceart Éireann agus réigiún teorann na hÉireann, agus dá bhrí sin cuireadh leis an leithscaradh agus an deighilt shóisialta. Laistigh de na sráidbhailte Chaiseal i gContae Fhear Manach agus Chóillidh Chlochair i gContae Liatroma, briseadh na naisc trasphobail nuair a baineadh an droichead trasbhealaigh idir an dá chontae.

Mar sin féin, chuidigh tionscadal a fuair tacaíocht ó PEACE II leis an dá shráidbhaile a athnascadh trí chruithú na Páirce Sióchána Crosaire a dearadh chun an caidreamh trasteorann agus trasphobail a chothú. Thug an tionscnamh tacaíocht freisin do thionscadal ealaíne timpeallachta leanaí, áit a raibh ealaiontóirí ag comhoibriú le daoine áitiúla chun scultúr féileacáin nua don pháirc a chruithú.



Clár INTERREG IIIA 2000-2006



Jo McKelvie, a bhunaigh Evita Services i gContae an Dúin, comhairlúchán nua a reáchtálann trialacha clinciúla tréidíochta cógaisíochta do bhunachar cliant idirnáisiúnta atá ag fás, le tacaíocht ar dtús ó Thionscnamh Tairseach Nuálaíochta na Teorann.

Faoi dheireadh 2009, bhí 404 nó 92.8% den 435 tionscadal a bhí maoinithe faoi Chlár INTERREG IIIA an AE dúnta ag foireann clabhsúir an FCSAE. Rinneadh dul chun cinn suntasach i rith na bliana trí thuarascálacha a dhréachtú agus maidir leis an ngníomhaíocht rialaithe airgeadais chuí a chur i gcrích. Bhí an spríoc á baint amach leis na doiciméid uile atá de dhíth a chomhthiomsú chun an spríocdháta clabhsúir den 30 Meán Fómhair 2010 a chomhlíonadh.

Fuair an dá chás-staidéar tionscadail seo a leanas tacaíocht AE faoin Chlár INTERREG IIIA.

Fuair tionscadal Thairseach Nuálaíochta na Teorann (BIG) tacaíocht faoin Chlár INTERREG IIIA chun cuidiú le fiontraithe féideartha coincheapa gnó a fhorbairt agus chun tacú leo agus a ngnóthais féin á mbunú acu. Ba thionscnamh uailmhianach, réamhchothaithe piolótach é an tionscadal, a bhí deartha chun gnólaicteáil le ráta ard fáis a chruthú ar fud an réigiúin. I measc chomhpháirtithe an tionscadail bhí Greenshoots san Iúr, in éineacht le Coláiste Réigiúnach an Deiscirt agus Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan. Bhí 61 fiontraí féideartha ar an iomlán a ghlac páirt sa tionscadal agus nuair a tháinig sé chun críche bhí 29 gnólaicteáil cruthaithe.



Mic Iéinn taobh amuigh de thrucail shoghluaise oiliúna craolta ardteicneolaíochta a thaisdealann chuig scoileanna chun áiseanna oiliúna ilmheán a chur ar fáil.

Fuair an tionscadal 'Cruthaitheacht Dhigiteach Thrasteorann', comhoibriú idir an NEELB agus Ionad Oideachais Mhuineacháin, tacaíocht ó Chlár INTERREG IIIA an AE. Chuir an tionscadal, a bhí deartha chun oiliúint ilmheán a thabhairt chuig na scoileanna, oiliúint ar fáil do líon múinteoirí sa léiriú ilirian fuaimne. Mar chuid den tionscnamh cuireadh isteach an trealamh riachtanach go buan in ocht scoil bunaithe i Muineachán agus i Machaire Fíolta (ceithre scoil do gach teorainn).



Cuntais Bhliantúla

An Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

Réamhrá leis na Cuntais

Faisnéis Chúrla

Is Feidhmchomhlacht Thuaidh/Theas é an Foras Um Chláir Speisialta an AE atá á urrú ag an Roinn Airgeadais agus Pearsanra i dTuaisceart Éireann agus ag an Roinn Airgeadais in Éirinn. Bunaidh an comhlacht ar 2ú Nollaig 1999 faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta 1998 agus faoin Chomhaontú Briotanach-Éireannach 1998 a bhunaigh feidhmchomhlachtaí, atá tacaíthe ag Ordú Comhoibríthe Thuaidh/Theas (Feidhmchomhlachtaí) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus ag an Acht Comhaontaithe Briotanach-Éireannach 1999. Ag tuairisciú don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas, is é príomhfhéidhm Foras Um Chláir Speisialta AE riar Chisti Struchtúrtha áirithe de chuid an AE, PEACE, INTERREG agus Tionscnaimh Phobail chun tacú le réimse clár forbartha agus athghiniúna i dTuaisceart Éireann, réigiúin teorann na hÉireann agus in Iarthar na hAlban.

Uilmhaidh na cuntais seo de réir:

- Socruithe airgeadais Chuid 7 d'Aguisín 2 den Chomhaontú Briotanach-Éireannach ag bunú Feidhmchomhlachtaí;
- Treoir leis an Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus an Roinn Airgeadais, mar a fhoráiltear i Meabhrán Airgeadais an Fhorais; agus
- Treoir na Tuarascála Bliantúla agus na gCuntas arna sholáthar ag an Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus an Roinn Airgeadais.

Forbheathnú Gnó

Tá forbheathnú ar ghníomhaíochtaí agus fhorbairtí feasta an Fhorais um Chláir Speisialta an AE tugtha sa Tuarascáil Bhliantúil.

Torthaí don bhliain


Tá torthaí an Fhorais um Chláir Speisialta an AE leagtha amach go mionsonraithe ar leathanach 31. Ba é an farasbarr don bhliain ná €1k (Stg £1k) – 2008: €42k (Stg £33k).

Sócmhainní Seasta

Tá mionsonraí ghluaiseacht na sócmhainní seasta leagtha amach i nóta 9 leis na cuntais. Le linn na bliana bhain an príomhchaiteachas ar sócmhainní seasta le feistiú oifigi nua. Tá an caiteachas seo curtha san áireamh faoi gceannteideal 'Sócmhainní á dtógáil'.

Taighde agus Forbairt

Níor tharla aon chaiteachas suntasach san réimse seo.



Imeachtaí Tábhachtacha a Tharla Tar Éis Dheireadh na Bliana

Níl aon imeachtaí tábhachtacha ann ó dheireadh na bliana a d'obroodh tionchar ar na Cuntais seo.

Bronntanais Charthanacha

Ní dhearna an Foras Um Chláir Speisialta an AE aon bhronntanais charthanacha le linn na bliana airgeadais.

Baill Boird

Is é an Príomhfheidhmeannach a chleachtann feidhmeanna an fhorais. Níl baill boird ann.

Ní choinníonn an Príomhfheidhmeannach aon stiúthóireacht eile nó aon leas eile suntasach a thiocfadh i gcoimhlínt lena fheagrachtaí bainistíochta.

Íocaíocht le Soláthraithe

Tá Foras Um Chláir Speisialta an AE tiomanta ar íocaíocht phras billí ar earraí agus sheirbhísí a fuarthas de réir Acht Mhalloícaíocht Fiacha Tráchtála (Ús) RA 1998 mar a leasaíodh ag na Rialacháin um Mhalloícaíocht Fiacha Tráchtála 2002 agus Rialacháin Mhalloícaíochtaí i mBearta Tráchtála 2002 na hÉireann.

Mura ndeirtear a mhalairt sa chonradh, tá íocaíocht iníochta taobh istigh de 30 nó 45 lá, mar is cuí, d'fháil na n-earraí nó seirbhísí, nó ar thíolacadh sonraisc bhailí nó iarratas dá leithéid, cibé acu is moille.

Oibríonn an Foras rialí íocaíocht phras 30 lá thar a chuid Oifige uile is cuma cad é dlinse bhunaigh an bhille. Athbhreithnithe rialta a rinneadh le tomhas chomh gasta a d'íoc Foras Um Chláir Speisialta An AE a chuid billí fuair siad amach gur íocadh 94.5% (2008 - 94.1%) de bhilí taobh istigh den chaighdeán seo.

I Nollaig na bliana 2008, ordáíodh do Chomhlachtaí Poiblí tacú le gnóchtaí trí

gach iarracht a dhéanamh íocaíochtaí a dhéanamh le soláthróirí laistigh de 10 lá ó shonrasc bailí a fháil. Le linn na bliana 2009 d'íoc FCSAE 63% dá sonraisc laistigh de 10 lá.

Tá an Foras tar éis dul isteach i dtéarmaí agus Coinníollacha i gcomhair íocaíocht Deontais le Ranna Cuntasacha d'fhonn íocaíochtaí a dhéanamh le tograí tríd an Láraonad Íocaíochta. Éilíonn sé seo go ndéanfaidh an Foras íocaíochtaí le tograí taobh istigh de 10 lá oibre ar fháil sonraisc bhailí do PEACE II, INTERREG IIIa agus Urban. Do PEACE III agus INTERREG IVa, is é 8 lá an sprioc.

Baineadh seo amach i gcás 87% (2008 - 99%) d'íocaíochtaí a rinneadh le linn na bliana, arna n-anailísú mar seo a leanas:

	Lion na sonraisc	Déanach	% in am
PEACE II	239	9	96.23%
INTERREG IIIA	92	4	95.65%
PEACE III	730	125	82.88%
INTERREG IVA	101	11	89.11%
Urban	19	0	100.00%
Iomlán	1,181	149	87.38%

Polasaí Sláinte & Sábháilteachta

Tá polasaí scríofa Sláinte agus Sábháilteachta forbartha ag an Foras agus scaipthe ar iomlán na foirne. Léiríonn an polasaí na héilimh dhlíthiúla atá le comhlíonadh ar shláinte agus shábháilteacht sa dá dhlíne le go mbainfidh an Foras amach ardchaighdeán sláinte agus sábháilteachta taobh istigh den eagras.

Fostaithe faoi Mhíchumas

Séard ía Plean Gníomhaíochta um Mhíchumas FCSAE 2009-2011 ann ná ráiteas ar thiomanta an Fhorais um Chláir Speisialta an AE a dhualgais reachtúla a chomhlíonadh faoi réir Ailt 49A den Acht Leatrom Míchumais 1995.

Tugann an plean cur síos ar na bearta a ghlacfaidh an Foras chn a chinntiú go mbaintear cothromaíocht deiseanna amach, ní hamháin dá fhostaithe féin ach d'íarrthóirí agus fostaithe amach anseo.

Go sonnrach, féachfaidh an Foras le:

- Timpeallacht dhearfach oibre a chothú ina nglacfaí go fonnmarh le daoine le míchumais;
- An timpeallacht agus na cleachtais oibre a scrúdú lena chinntiú, san áit a bhfuil sé indéanta, go leagtar gach bacainn roimh rannpháirteachas iomlán na foirne le míchumais i saol an Fhorais;
- Timpeallacht shábháilte oibre a sholáthar;

- Forbairt scileanna agus acmhainn foirne féideartha le míchumais a chinntiú, trí oiliúint agus forbairt foirne; agus
- Rochtain ar réimse iomlán deiseanna earcaíochta agus fhorbartha gairme a sholáthar do dhaoine le míchumais.

Rannpháirtíocht na bhFostaithe

Le linn na bliana coinníodh na fostaithe ar an eolas trí bhealaí foirmiúla agus neamhfoirmiúla agus bhí tionscnaimh ann a bhain le polasaí earcaíochta; soláthar oiliúna; teaghais agus bainistíú áiseanna.



Pat Colgan
Príomhfheidhmeannach
28 Eanáir 2011

Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Duine Fhreagraigh

Threoraigh an Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus an Roinn Airgeadais Foras um Chláir Speisialta an AE le ráiteas cuntas a ullmhú do gach bliain dar críoch 31 Nollaig i bhfoirm agus ar an bhonn a leagadh amach i dtreoir na gcuntas san aguisin leis na cuntais seo. Ullmhaítear na cuntais ar bhonn fabhrúithe agus caitheadh siad radharc fíor agus cothrom a thabhairt ar staid chúrsaí an Fhorais ag deireadh na bliana agus ar a ioncam agus a chaiteachas, iomlán na gnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta, agus ar shreabhadh airgid don bhliain féilire.

In ullmhú na gcuntas caitheadh an Foras:

- Treoir na gcuntas a d'eisigh na Ranna Urraiochta a leanúint, lena n-áirítear na ríochlannais ábhartha chuntasóireachta agus fhaisnéisithe, agus polasaithe cuntasóireachta a fheidhmiú ar bhonn seasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh ar bhonn réasúnta;
- A rá má leanadh de chaighdeáin infheidhmithe chuntasóireachta agus aon díriúcháin ábhartha sna ráitis airgeadais a fhaisnéisiú agus a mhíniú; agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar an bhonn gnóthais leantaigh, ach sa chás go mbeadh sé míchuí a thiomhndiú go leanfaidh an Foras i mbun oibríochta.

Tá freagrachtaí an Phríomhfheidhmeannaigh mar Oifigeach Freagrach don bhForas um Chláir Speisialta An AE, lena n-áirítear

freagracht as cuibheas agus rialtacht an airgeadais phoiblí agus as coinneáil thaifead ceart, leagtha amach i Meabhrán Airgeadais an Fhorais.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Raon na freagrachta

Tá d'fhreagracht ormsa, mar Oifigeach Freagrach, córas iontaofa rialúcháin inmheánaigh a chothabháil, a thacaíonn le gnóthú bheartais, aidhmeanna agus chuspóirí FCSAE, agus ag an am céanna na cistí poiblí agus sócmhainní an Fhorais a chosaint, cistí agus sócmhainní a bhfuil an fhreagracht ormsa astu, de réir na bhfreagrachtaí a shanntar dom de réir Nósanna Imeachta Cuntasaiochta de chuid Rialtas Tuaisceart Éireann agus de réir Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí.

Sonraíonn an Meabhrán Airgeadais idir FCSAE agus ranna urraiochta go mionchruinn freagrachtaí an Oifigeach Fhreagraigh (an Príomhfheidhmeannach), i gcreat airgeadais. Ní mór don bhForas feidhmiú laistigh de na caighdeáin agus den treoir ar chuntasaiocht agus nósanna imeachta airgeadais mar a shonraítear i lámhleabhar Cuntasaiochta an Rialtais (TE).

Cuspóir an chórais rialaithe inmheánaigh

Dearadh cuspóir an chórais rialaithe inmheánaigh le riosca a bhainistiú go dtí leibhéal réasúnta seachas gach riosca teipthe a dhichur le polsaithe, aidhmeanna agus cuspóirí a bhaint amach. Ní thig leis mar sin de ach dearbhú éifeachtachta réasúnta agus ní i omlán a sholáthar.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar phróiseas leantach a dearadh le rioscaí do bhaint amach pholasaithe, aidhmeanna agus chuspóirí an Fhorais a aithint agus a chur in áit tosaíochta, leis an dóchúlacht go bhfiorófaí na rioscaí seo a mheasúnú, agus le hiad a bhainistiú go héifeachtach, go críochnúil agus go tiosach. Tá an córas rialaithe inmheánaigh in áit sa Fhoras um Chláir Speisialta an AE don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 agus a fhad le dáta faofa na tuarascála agus na gcuntas bliantúil, agus tá sé i gcomhréir le treoir na Ranna Airgeadais.

Cumas chun riosca a láimhseáil

Rinne mé gnáis chuí lena chinntiú go bhfuil cuspóirí agus rioscaí an Fhorais aitheanta againn agus gur cinneadh ar straitéis rialaithe do gach ceann de na rioscaí suntasacha. Dá thoradh seo, leithdháileadh úinéireacht riosca ar an fhoireann oiriúnach agus tá a mhana ar riosca do bhaint amach a chuspóirí leagtha amach ag an Fhoras.

Tá cinntithe agam go bhfuil gnáis in áit lena dheimhniú go mbíonn gnéithe de bhainistiú riosca agus rialaithe inmheánaigh á n-athbhreithniú agus á dtuairisciú ar bhonn rialta. Rinneadh lámheasúnú riosca agus rialaithe don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009. Tá bainistiú riosca cuimsithe go hiomlán i bpróisis phleanála corpráide agus chinnteoireachta an Fhorais.

Caitheadh an Fhoireann Bhainistíochta tuairisciú liom ar bhonn rialta ar eochair-rioscaí a aithníodh a d'fhéadfadh cur isteach ar a n-achar oibre. Faighim

tuairiscí tréimhsiúla a bhaineann le rialú inmheánach. Tá na bearta cuí á ndéanamh le rioscaí a bhainistiú in achair shuntasacha freagrachta agus le dul chun cinn ar eochairthograí a fhaireachán.

An creat riosca agus rialaithe

Tar éis aithint eochairchuspóirí agus rioscaí an Fhorais, rinneadh tuilleadh oibre le níos mó seasmhachta a chruthú sa dóigh a gcaitheann an Foras le rioscaí.

Le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2009, rinne an Foras:

- Taifead na rioscaí atá os comhair an eagrais a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn rialta;
- Córas eochairfheidhmíochta agus tháscairí riosca a oibriú;
- Coiste Iníúchta a oibriú, ar aon dul le dea-chleachtas;
- Clár riosca ar fud an eagrais a choinneáil; agus
- Tuairiscí ó Stiúrthóirí agus ó Bhainisteoirí an Fhorais ar ghníomhaíochtaí rialaithe inmheánaigh a shocrú.



Deimhniú Faisnéise

Aithnim mo fhreagracht as láimhseáil bheacht shábháilte na faisnéise uile, agus as ceapadh agus próiseáil faisnéise, go háirithe san áit a mbeadh sí seo in úsáid ag an tríú páirtí, nó go mbeadh codanna eile den rialtas ag brath uirthi. Leis an fhreagracht seo a chomhlíonadh le héifeacht, tá na bearta seo a leanas déanta:

- Tá Stiúrtóir na Seirbhísí Corpráide ceaptha ina Oifigeach Freagrach Talfead (OFT) ar an Fhoras. Thóg an OFT ar a sheal deimhniú ó bhainisteoirí, a chuir cúinsí faisnéise lena gclár riosca, a ndéantar tuairisc orthu ar bhonn míosúil.
- Tá Oifigeach Faisnéise ceaptha chun cuidiú le feidhmiú leantach Pholasáí Faisnéise an Fhorais agus tá sé ag déanamh iniúchadh faisnéise leis an fhoireann uile le comhachair deachleachtais, rioscaí, agus feabhsuithe a theastaíonn a mheasúnú;
- Tá rioscaí faisnéise an Fhorais measúnaithe in éadan deachleachtais, agus na torthaí curtha i láthair an Choiste Iniúchta;
- Roinnt de na rioscaí a aithníodh, ní raibh siad rithábhactach don eagrais, agus séanfar cuid eile trí fheidhmiú Chóras Leictreonach Bainistíochta Sonraí (leanadh den dul chun cinn anseo le linn na bliana 2009).

Athbhreithniú Éifeachtachta

Mar Oifigeach Freagrach, tá mé freagach fosta as athbhreithniú éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh. Tá m'athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh faoi thionchar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus na mbainisteoirí san Fhoras atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh, agus tuairimí a thug iniúchóirí seachtracha ina dtuairisc leo siúd ar a bhfuil dualgas rialachais agus tuairiscí eile. Thug an Coiste Iniúchta agus Bainistíocht Riosca comhairle dom ar impleachtaí torthaí athbhreithniú an chórais rialaithe inmheánaigh agam, agus tá plan in áit le haghaidh a thabhairt ar laigi agus le feabhsú leanúnach an chórais a chinntiú.

Faoi alt 59 de Rialacháin na Comhairle (EC) Uimh 1083/2006, tá Údarás Iniúchta sannaithe ag na Ballstáit chun freagracht a ghlacadh as deimhniú go bhfuil an córas rialaithe bainistíochta ag feidhmiú go héifeachtúil. Tá freagracht ar leith sa bhreis ag an Údarás Iniúchta as:

- Iniúchtaí ar oibriochtaí ar bhonn sampla cuí chun caiteachas atá ráite a dheimhniú;
- Plan iniúchta a chur faoi bhráid an Choimisiúin;
- Tuairiscí Rialaithe Bliantúla agus Tuairimí Iniúchta a chur ar fáil.

Tá Comhaontú Leibhéal Seirbhíse ag an bhForas le hIniúchóir Inmheánach na Roinne Airgeadais agus Pearsanra, a oibríonn chuig caighdeán sainithe i



Lámhleabhar an Rialtais um Iniúchadh Inmheánach. Faightear tuairiscí rialta a chuimsíonn tuairim neamhspleách Ceann an Iniúchta Inmheánaigh ar leorgacht agus éifeachtúlacht chóras an Fhorais do rialú inmheánach chomh maith le moltaí d'fheabhsú. Don bhliain 2009 tá leibhéal bliantúil deimhnithe 'sásúil' bronntha.

Go luath sa bhliain 2010, i gcomhthéacs uillmhúchán an Ráitis Deimhnithe 2009 don Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF), roghnaigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (ECA) sampla de chaiteachas ERDF Choimisiún na hEorpa ar fud na gClár AE uilig d'athbhreithniú. Laistigh den sampla seo bhí focaíochtaí ar dhá éileamh a rinneadh chuig an FCSAE faoin gClár 'INTERREG IV, 2007-13, Tuaisceart Éireann, Réigiún Teorann na hÉireann agus Iarthar na hAlban'.

Thug an ECA cuairt ar FCSAE in Eanáir na bliana 2010 agus rinne iniúchadh ar an gcaiteachas a bhí san áireamh sna héilimh sin. Tá a dtuairisc dheiridh ar a dtáil curtha faoi bhráid Choimisiún na hEorpa agus FCSAE ag an ECA, agus níl aon cheisteanna tromchúiseacha ann.

Agus iniúchadh ar siúl ar chuntais na bliana 2009, bhí deacrachtaí ann le réiteach an gcomharduithe féichiúnaithe áirithe a bhain le Clár PEACE II. Cé go bhfuarthas amach go raibh an comhardú i gceart, ní raibh an briseadh síos i gcomhpháirteanna a bhí iníocatha ó Ranna éagsúla cruinn. Agus athbhreithniú mionsonraithe déanta, rinne FCSAE eilimintí laistigh den chomhardú seo a athdháileadh, agus réitigh an cheist chun sásamh na nIniúchóirí. Tá bearta glactha ag FCSAE freisin chun gnásanna a thabhairt isteach chun an fhéidirtheacht go dtarlódh fadhbanna dá leithéid amach anseo a sheachaint.

Le linn 2009, tháinig coiste iniúchta an Fhorais le chéile ceithre huairte agus bhreithnigh siad réimse ceisteanna ar a raibh na córais rialaithe inmheánaigh atá in oibriocht taobh istigh den Fhoras. Le linn 2009 bhí cathaoirleach neamhspleách agus ball eile neamhspleách ina mball ghníomhacha den choiste iniúchta.





B'íad seo a leanas comhaltai an Choiste Iniúchta le linn na bliana:

Cathaoirleach Neamhspleách
Bryan Johnston

Comhalta Neamhspleách
John Cowley

Ionadái DFP
Bill Pauley

Ionadaí DOF
Pat Casey (go dtí 18/10/2009),
Dermot Nolan (ó 19/10/2009)

Tá freagrachtaí an Choiste ina n-iomláine leagtha amach ina Théarmaí Tagartha, agus orthu siúd tá soláthar comhairle don Oifigeach Freagrach ar na nithe seo a leanas:

- na próisis straitéiseacha i gcomhair riosca, rialaithe agus rialachais;
- na cuntais, polasaithe cuntasóireachta agus tuairisc bhliantúil;
- gníomhaíocht phleanáilte an iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh; agus
- deimhnithe a bhaineann le rialachas agus bainistíocht na gClár AE.

Chun cuidiú le comhlíonadh na bhfreagrachtaí seo, ullmhaíonn an Coiste tuairisc bhliantúil, agus tagann le chéile fosta lena éifeachtacht féin a athbhreithniú. Déantar breithmheas na mball uile uair sa bhliain. Faigheann baill neamhspleácha fosta miontuairiscí míosúla na Foirne Bainistíochta Sinsearaí.

Pat Colgan
Duine Freagrach
28 Eanáir 2011



An Teastas ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste chuig Tionól Thuaisceart Éireann agus Tithe an Oireachtais

Tá iniúchadh déanta againn ar chuntais de chuid Fhoras Chláir Speisialta an AE ('an Foras') don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009 de bhun fhorálacha an Ordaithe um Chomhoibriú (Forais Fhorfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) Thuaidh/Theas 1999 agus an Achta um Chomhaontú na Breataine – na h-Éireann lena n-eilítear orainn iniúchadh a dhéanamh ar na cuntais a chuireann an Foras ar fáil agus iad a dheimhniú i gcomhar. San áireamh bhí an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, Ráiteas ar na Gnóthacháin agus Caillteanas Aitheanta Iomlána, an Clár Comhardaithe, Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus nótaí lena mbaíneann. Cuireadh na cuntais seo i dtoll a chéile de réir na bpolasuithe cuntasaiochta atá leagtha amach iontu.

Dualgais faoi seach de chuid an Fhorais, an Phríomhfheidhmeannaigh agus n-Iniúcháirí

Tá an Foras freagrach as na cuntais a chur i dtoll a chéile agus as a bheith sásta go dtugtar léargas fíor agus cothrom iontu. Déantar cur síos níos iomláine air seo i Ráiteas na nDualgas. Is é an Príomhfheidhmeannach, mar Oifig Cuntasach, atá freagrach as cuíúlacht agus rialtacht a chinntiú maidir le húsaid agus rialtacht a chinntiú maidir le húsaid chisté poiblí. Táimid freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na cuntais de réir an dlí infheidhme agus de réir Chaighdeán Iniúcháireachta Idirnáisiúnta (An Ríocht Aontaithe agus Éire). Leis na caighdeáin sin, éilítear orainn agus ar ár bhfoireann cloí le Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúcháirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta.


Scóip iniúchadh na gcuntais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh fianaise a bhailiú faoi mhéideanna agus nochtadh eolais sna cuntais ar leor iad chun dearbhú réasúnta a dhéanamh go bhfuil na cuntais saor ó mhíshonruithe ábhartha, ar mhíshonruithe iad a tharla nó nár tharla de bharr calaíse nó earráide. San áireamh leis seo, tá méasúnú faoi na nithe seo a leanas: ar chomh feiliúnach atá na polasuithe cuntasaiochta le haghaidh chúinsí an Fhorais, ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus ar nochtaiodh go sásúil iad; ar chomh réasúnta atá meastacháin tábhachtacha chuntasaiochta a rinne an Foras; agus ar chur i láthair iomlán na gcuntais.

Ina theannta sin, éilítear orainn fianaise leordhóthanach a bhailiú chun dearbhú réasúnta a dhéanamh go mbaintear úsáid as an gcaiteachas agus an ioncam a thuairiscítear sna cuntais de réir mar a bhí beartaithe ag Tionól Thuaisceart Éireann agus Dáil Éireann agus go cloíonn na hidirbheartaíochtaí airgeadais leis na húdaráis atá a rialú.

Tuairim maidir le Rialtacht

Inár dtuairim féin, maidir le gach gné ábhartha, baineadh úsáid as an gcaiteachas agus ioncam de réir mar a bhí beartaithe ag Tionól Thuaisceart Éireann agus Dáil Éireann agus cloíonn leis na húdaráis atá a rialú.





Tuairim maidir leis na cuntais

Inár dtuairim féin:

- tugtar léargas fíor agus cothrom sna cuntais, ar an staid atá ar ghnóthaí an Fhorais an 31 Nollaig 2009, agus ar an mbarrachas agus sreabhadh airgid a rinne sé don bhliain dar chríoch an lá sin; agus
- ullmhaíodh na cuntais i gceart de réir na treorach cuntais a eisíodh faoi reactaíocht rialúcháin.

KJ Donnelly
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
Thuaisceart Éireann
106 Sráid na hOllscoile
Béal Feirste
BT7 1EU

31 Eanáir 2011



Tuairim maidir le cúrsaí eile

Inár dtuairim féin, tá an t-eolas a cuireadh ar fáil sa Bhrollach maidir leis an mbliain airgeadais ar ullmhaíodh na cuntais dó comhsheasmhach leis na cuntais.

John Buckley
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste na hÉireann
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2
Éire

31 Eanáir 2011

Cúrsaí a ndéanaimid tuairisciú orthu trí eisceacht

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis na gcúrsaí seo a leanas a gcuirimid in iúl duit, más rud é go bhfuilimid den tuairim:

- nár coinneáladh taifid shásúla chuntasaíochta; nó
- nach bhfuil na cuntais ag teacht le taifid na gcuntas; nó
- nár cuireadh ar fáil dúinn an t-eolas ná na minithe ar fad a theastaíonn uainn chun iniúchadh a dhéanamh; nó
- nach léiríonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach gur cloíodh le treoraíocht infheidhme i leith rialachais corparáidigh.

Cuntas Ioncain agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

IONCAM	Nótaí	2009	2008	2009	2008
		€'000	(athráite) €'000	£'000	(athráite) £'000
Deontais ó Ranna	2	2,739	14,151	2,440	11,241
Ioncam eile Oibríochta	4	4	23	4	18
Scaoileadh Deontais Chaipitil	16	125	106	111	84
Glanmhaoiniú ar athló do Phinsin	13(c)	329	393	293	312
LÁRAONAD ÍOCAÍOCHTA					
Deontas Faighte ó Ranna Cuntasacha	3	18,539	62,009	16,517	49,256
COIMISIÚN AE					
Éilimh Infhaighte ón AE	3	35,827	21,367	31,921	16,973
IONCAM IOMLÁN		57,563	98,049	51,286	77,884
CAITEACHAS					
Diluacháil	9	(125)	(106)	(111)	(84)
Costais Foirne	5	(1,977)	(2,182)	(1,761)	(1,734)
Costais Oibríocháin Eile	7	(940)	(966)	(838)	(768)
Costais Chlár	8	(286)	(12,606)	(255)	(10,014)
Ús iníochta leis an Roinn Airgeadais agus Pearsanra	3	(3)	(14)	(3)	(11)
LÁRAONAD ÍOCAÍOCHTA					
Íocaíochtaí a Rinneadh le Tograí	3	(52,892)	(83,164)	(47,124)	(66,059)
Gnóthachain/caillteanais mhalartaithe	3	(1,339)	1,031	(1,193)	819
CAITEACHAS IOMLÁN		(57,562)	(98,007)	(51,285)	(77,851)
Farasbarr don bhliain aistrithe chuig an gCúlchiste Ginearálta	1		42	1	33

Baineann na méideanna uile thuas le ghníomhaíochtaí leantacha.

Is cuid de na cuntais seo na nótaí ar leathanaigh 35 go 58.

Ráiteas ar Fháiltas agus Cailteanas Iomlán Aitheanta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

Nótaí	2009	2008	2009	2008
	€'000	€'000	£'000	£'000
Farassbarr don bhliain	1	42	1	33
(Cailteanas)/fáiltas ó thairní ar dhilteanas scéim pinsean	(29)	(1)	(26)	(1)
Athruithe sna foshuíomhanna mar bhonn ar an luach reatha de dhilteanas scéim pinsean	(917)	534	(817)	424
Fáltas/(cailteanas) ó athrú o rátaí malartaithe	51	(113)	45	(90)
(Cailteanas)/fáiltas achúire	13(b)	(895)	(798)	333
Leasú ar mhaoiniú pinsin ar athló	13(b)	895	798	(333)
Fáltas/(cailteanas) aitheanta iomlán don bhliain	1	42	1	33

Is cuid de na cuntais seo na nótaí ar leathanaigh 35 go 58.



Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2009

Nótaí	2009	2008	2009	2008
	€'000	(athráite) €'000	£'000	(athráite) £'000
Sócmhainní Seasta				
Sócmhainní Inláimhsithe	9(a)	626	188	555
Sócmhainní Doláimhsithe	9(b)	75	40	67
		701	228	622
Sócmhainní Reatha				
Féichiúnaithe	10	37,648	21,756	33,436
Airgead sa bhanc agus ar láimh	11	23,366	43,375	20,751
Iomlán na Sócmhainní Reatha		61,014	65,131	54,187
Dilteanas Reatha				
Creidiúnaithe - suimeanna dlite taobh istigh de bhliain	12	(60,904)	(65,029)	(54,089)
Glansócmhainní Reatha		110	102	98
Glansócmhainní líúde Dilteanas Reatha roimh phinsin		811	330	720
Maoiniú pinsin ar athló	13(b)	3,578	2,126	3,178
Dilteanas pinsin	13(b)	(3,578)	(2,126)	(3,178)
		811	330	720
Arna mhaoiniú ag:				
Caipitil agus Cúlchistí				
Cúlchiste Ginearálta	15	110	102	98
Cúlchiste Deontais Ginearálta	16	701	228	622
		811	330	720

Na cuntais faoifa ag an Phríomhfheidhmeannach ar 28 Eanáir 2011

Pat Colgan
Príomhfheidhmeannach

Is cuid de na cuntais seo na nótaí ar leathanaigh 35 go 58.

Ráiteas Sreabhadh Airgid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

Nótaí	2009	2008 (athráite)	2009	2008 (athráite)
	€'000	€'000	£'000	£'000
Glan-insreabhadh ó ghníomhaíochtaí oibríochta	17.1	(19,705)	(637)	(18,039)
Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais fócaíochtaí le sócmhainní inláimhsithe seasta a fháil		(609)	(138)	(542)
Glan-insreabhadh airgid roimh chistiú	(20,314)	(775)	(18,581)	(716)
Cistiú Cistiú caipitil faighte		609	138	542
Glan-insreabhadh airgid ó chistiú	609	138	542	109
Ardú in iarmhéid airgid/bainc	17.2	(19,705)	(637)	(18,039)

Is cuid de na cuntais seo na nótaí ar leathanaigh 35 go 58.



Nótaí ar na Cuntais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

Polasaithe Cuntasáíochta

1.1. Coibhinsiúin Chuntasóireachta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir an choibhinsiúin chostais stairiúil.

Gan an t-eolas a thugtar a theorannú, ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhrúithe agus tá siad ag teacht le héilimh chuntasóireachta agus fhaisnéisithe Ordú Cuideachtaí (Tuaisceart Éireann) 1986, Achtanna Cuideachtaí na hÉireann 1963 go 2001, na gcaighdeán cuntasóireachta a d'eisigh nó a ghabh an Bord Caighdeán Cuntasóireachta agus le héilimh chuntasóireachta agus fhaisnéisithe a d'eisigh an Roinn Airgeadais agus Pearsanra, agus an Roinn Airgeadais, sa mhéid go bhfuil na héilimh seo oiriúnach.

1.2. Sócmhainní Seasta

Luacháiltear Sócmhainní Seasta ar a gcostas don fhoras. Cuimsíonn sócmhainní doláimhsithe bogearraí a ceannáilodh.

Dimheastar sócmhainní seasta ón mhí tar éis dátaí a bhfaighte, ar rátaí a áirítear leis an chostas nó an luacháil a dhíscríobh, lúide luach iarmharach measta, gach sócmhainne go cothrom thar a saol úsáideach ionchais, nó tréimhse léasa más gairide. Seo a leanas saoil úsáideacha measta príomhchatagóirí sócmhainní seasta:

Daingneáin agus Feistis:	7 bliana
Trealamh Ríomhaireachta:	3 bliana
Trealamh Oifige:	5 bliana
Sócmhainní léasaithe:	An ceann is giorra de théarma an léasa agus saol úsáideach geilleagrach na sócmhainne.
Sócmhainní doláimhsithe:	3 bliana

Sa bhliain 2009, bainean an 'sócmhainní á dtógáil' le hobair atá ar siúl ar theaghais ag 2, Clarence Street West a fheistiú. Ní raibh an tsócmhainn seo i gcrích ag 31 Nollaig 2009, agus dá bhrí sin níor cuireadh aon díluacháil i bhfeidhm. Agus é i gcrích, aistrefar luach an sócmhainne seo chuig an gcatagóir 'Feabhsuithe léasa', agus déanfar é a dhíluacháil faoi réir fhad an léasa.

1.3. Costais Pinsin

Oibríonn FCSAE scéim pinsin le sochar sainithe atá á chistiú in aghaidh na bliana ar bhonn foca mar a théann ó airgid atá ar fáil dó, lena n-áirítear airgid a chuireann an Roinn Airgeadais agus Pearsanra (DFP) i dTuaisceart Éireann agus an Roinn Airgeadais (DOF) in Éirinn ar fáil.

Cuirtear cistiú ar fáil freisin trí asbhaintí ó thuarastail foirne, a aisiocann FCSAE le DFP agus DOF. Áirítear asbhaintí i dtuarastail agus costais pá (nóta 5).

Déantar dlíteanais Scéim Pinsin a thomhas ar bhonn achtúire ag baint úsáide as an modh aonad réamh-mheasta.

Léiríonn costais pinsin leasa pinsin a thuill fostaithe sa tréimhse. Aithnítear suim atá ag teacht leis an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid agus atá sé in-athshlánaithe, agus fritháirítear ag deontais a fhaightear sa bhliain chun iocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Aithnítear fáiltas nó cailteanais ag éirí as athruithe i réamh-mheasanna achtúire agus i bhfarasbarra agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas ar Fháiltas agus Cailteanais Iomlán Aitheanta don bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear athrú comhfhreagrach sa suim in-athshlánaithe ó DFP/DOF.

Nótaí ar na Cuntais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 (ar lean)

Léiríonn dlíteanais pinsin luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Léiríonn cistiú pinsin ar athló an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil i dtréimhsí amach anseo ó DFP/DOF.

Seo an chéad bhliain ina gcaitear le costais pinsin ar an dóigh seo (FRS 17), agus dá bhrí sin tá comparáidí 2008 athluaithe le hathrú ar an tréimhse roimhe. Go dtí 1 Aibreán 2009, do chúiseanna cuntasóireacht caitheadh leis an Scéim mar scéim le ranniocaíocht sannaithe.

1.4 Cáin Bhreisluacha

Nil an Foras um Chláir Speisialta an AE in ann CBL a iarraidh ar ais. Mar sin de, áirítear CBL mar chaiteachas agus nuair is cui caipitiltear i i luach sócmhainní seasta.

1.5 Léasanna

Caipitiltear sócmhainní atá á gcoinneáil faoi léasanna airgeadais agus chonarthaí cioscheannaigh ar a luach cothrom ar thionscnamh an léasa agus dimheastar iad thar an cheann is giorra de thréimhse an léasa agus saoi úsáideacha gheilleagracha mheasta na sócmhainní. Leithdháiltear na costais airgeadais thar thréimhse an léasa agus cuirtear chun dochair an chuntas ioncaim agus caiteachais iad.

Cuirtear ciosanna chun dochair an chuntas ioncaim agus caiteachais thar thréimhse an léasa.

1.6 Airgeadraí

Cuirtear bearta an Fhorais i gcrích in airgeadraí gach dlínse. Tairgtear na Ráitis Airgeadais sa dá airgeadra, gach ceann acu ina chomhlánú de na bearta uile don bhliain i ngach dlínse arna n-aistriú ar na meánrátaí malairte faoi seach i rith na bliana. Ag deireadh na bliana aistrítear sócmhainní agus dlíteanais ar ráta reatha an ama sin.

1.7 An Láraonad Íocaíochta

Oibríonn an Foras Láraonad Íocaíochta a bunáid le hiocaíochtaí a dhéanamh le tograí atá á gcostiú faoi PEACE II & III, IDIR-RÉIG IIIA & IVA, agus Urban thar ceann Ranna Cuntasacha Rialtais in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Tá roinnt Comhaontú Leibhéil curtha in áit idir an Foras agus gach Roinn.

Tarraingítear cistí ó na Ranna agus coinnítear iad i gcuntais thiomnaithe bainc. Déantar íocaíochtaí le tograí ar bhonn dhearbhan leictreacha udaraithe de réir mar is cui.

Maidir le PEACE II agus Urban, coinnítear cistí a tarraingíodh ó Ranna taobh istigh de chreidiúnaithe, agus scaoiltear iad go dtí an Cuntas Ioncaim & Caiteachais i gcomhréir le caiteachas (íocaíochtaí a rinneadh le tograí). Fanann iarmhéid cistí nár caitheadh taobh istigh de chreidiúnaithe mar 'Méideanna Iníochta le Ranna Rialtais'.

Nótaí ar na Cuntais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 (ar lean)

Le INTERREG IIIA, IVA, agus PEACE III, taispeántar íocaíochtaí le tograí arís taobh i stigh de chaiteachas ar an I&E. Roinntear ioncam leis na hiocaíochtaí seo a chumhdach idir 'Éilimh Infhaighte' Choimisiún an AE, agus cistiú meaitseála ó na Ranna. Mar is ionann le PEACE II agus Urban, taispeántar aon chistí ó na Ranna nár caitheadh taobh istigh de chreidiúnaithe.

I dtéarmaí Cuntasachta as na cistí, agus Oifigeach Cuntasáíochta an Fhorais freagrach as ionracas na gcóras agus rialuithe an Aonaid, tá na Ranna go fóill freagrach as na cistí, cé gurbh fheidir go n-éileodh siad ar Oifigeach Cuntasóireachta an Fhorais a theacht leis an Oifigeach Cuntasóireachta s'acu chuig aon é isteach leis an Choiste um Chostais Phoiblí.

Dearbhaíonn na Comhaontuithe fosta nach ceadmhach na cistí a úsáid faoi rogha an Fhorais, ach amháin ar son íocaíochtaí a dhéanamh le tograí faoin Roinn Chuntasóireachta, Chomhlacht Clár, Bearta gus Fheidhmchomhlacht ábhartha.

Comhlíonann an Foras an fheidhm seo ina ról mar Údarás Bainistíochta do Chláir PEACE II & III agus do Thionscnaimh Phobail INTERREG IIIA & IVA, agus thar ceann An Roinn Forbartha Sóisialta atá mar Údarás Bainistíochta do Thionscnamh Uirbeach Pobail.

Tá na méideanna atá le haisioc le Ranna Rialtais ag 31 Nollaig 2009 le feiceáil taobh istigh de Chreidiúnaithe (nóta 12). Tugtar comharduithe mionsonraithe sna hAguisíní leis na cuntais seo.

Do PEACE II agus INTERREG IIIa, tá na méideanna atá dlíte do Ranna Rialtais atá le feiceáil sa chlár comhardaithe agus sna hAguisíní gaolmhara, ar bhonn airgid, ó tharla gur seo an gléas ábhartha cuntasachta don aonad seo. Na bearta a bhaineann le Bearta a ngníomhaíonn an Foras ina Fheidhmchomhlacht/ Ghníomhaire orthu, tá siad bogtha as na torthaí seo le bheith á n-áireamh sna príomhchuntais ar bhonn fabhrúithe. Is cóir a thabhairt ar aire, mar sin de, nach mbeidh na gléasanna áirithe seo, iarmhéideanna iníochta le Ranna trí LAÍ (ar bhonn airgid) ag teacht go díreach leo sin atá iníochta ag an Foras (ar bhonn fabhrúithe).

Do PEACE II agus INTERREG IIIA, d'fheidhmigh FCSAE mar fhoras forfheidhmíthe do bhearta áirithe, ar rinneadh cuntas ina leith go scartha ar bhonn fabhrúithe (féach nóta 8). Do PEACE III agus INTERREG IV, glacann FCSAE freagracht as na bearta uilig (ach amháin PEACE III tosaíocht 1.2). Mar sin ní bheidh aon fheidhm ag nóta 8, agus clúdfóir gach caiteachas laistigh de na ceannleidí 'Coimisiún AE' agus 'Láraonad Íocaíochta' sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.



Nótaí ar na Cuntais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009
(ar lean)

2. Deontas ó na Ranna

	DFP	DOF	RANNA	IOMLÁN	IOMLÁN	IOMLÁN	IOMLÁN
	€'000	€'000	TÉ EILE	2009	2008	2009	2008
			€'000	€'000	(athráite)	€'000	(athráite)
					€'000	£'000	£'000
Deontas infhaighte							
Riarachán agus Costais	1,417	1,171	-	2,588	2,788	2,305	2,215
Clár Siochána & Athmhuintearais II	(206)	(27)	338	105	10,949	94	8,697
Clár INTERREG IIIA	55	(9)	-	46	414	41	329
Cistiú Caipitil	269	269	-	538	49	479	39
Iomlán	1,535	1,404	338	3,277	14,200	2,919	11,280
Roinnte mar seo a leanas:							
Deontais chun sochar an chuntais Ioncaim & Caiteachais	1,266	1,135	338	2,739	14,151	2,440	11,241
Deontais chun sochar an Chúlchiste Deontais Caipitil	269	269	-	538	49	479	39
Iomlán	1,535	1,404	338	3,277	14,200	2,919	11,280

I dtéarmaí ginearálta, déantar íocaíochtaí i gcomhair chostas Clár ar an dóigh seo a leanas:

	DFP	DOF
PEACE II	80%	20%
INTERREG IIIA	60%	40%
PEACE III	49%	51%
INTERREG IVA	60%	40%

cé go gcostíonn an dá Roinn costais áirithe ar bhonn eile.

Taispeántar maoiniú ó DFP/DOF a chlúdaíonn caiteachas faoi bhearta áirithe laistigh de PEACE II agus INTERREG IIIA a bhfuil FCSAE ina Eagra Forfheidhmithe ina leith mar 'Dheontas ó Ranna'.

Nótaí ar na Cuntais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009
(ar lean)

3. Anailís Oibríochta

I dtéarmaí na réimsí gníomhaíochta, tig torthaí na bliana a anailisiú mar a leanas:

Nótaí	PEACE II	INTERREG IIIA	Lár-Aonad Íocaíochtaí	Riarachán	IOMLÁN
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Ioncam					
Deontas Infhaighte (i)	104	47	-	2,588	2,739
Deontais ó Ranna Cuntasacha (ii)	-	-	18,539	-	18,539
Ioncam Oibríochta Eile	-	-	-	4	4
Scaoileadh Deontais Caipitil	-	-	-	125	125
Éilimh infhaighte ón AE	-	135	35,692	-	35,827
Cistiú Scéim Pinsin N/S	-	-	-	329	329
	104	182	54,231	3,046	57,563
Caiteachas					
Diluacháil	-	-	-	(125)	(125)
